

Aguisín 2

Nuair a thaifead an Direánach roinnt dá dhánta do Ghael Linn, léigh sé an dara leagan den dán atá breactha anseo thíos (1969). Tá difríochtaí suntasacha foclóireachta idir an dá leagan agus tá an caighdeán i bhfeidhm sa dara leagan (1980). Is ionann an leagan a fhaightear in *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta* (2010: 97) agus an dara leagan, cé is móite d'athruithe beaga: ‘mharbh’ in ionad ‘mhairbh’; ‘Inis Meáin’ in ionad ‘Inismeáin’; agus ‘eachtrann’ in ionad ‘eachtrainn’.

Ó Mórna & Dánta Eile (1957), 42.

Ómós do John Millington Synge

An toisc a thug tú chun mo dhaoine
 Ón gcéin mhéith don charraig gharbh
 Ba chéile léi an chré bheo
 Is an leid a scéith as léan is danaid.

Níor éistis scéal na gcloch,
 Bhí éacht i scéal an teallaigh,
 Níor spéis leat leac ná cill,
 Ní thig éamh as an gcré mhairbh.

Do dhuinigh Deirdre romhat sa ród
 Is curach Naoise do chas Ceann Gainimh,
 D'imigh Deirdre is Naoise leo
 Is chaith Peigín le Seáinín aithis.

An leabhar ba ghnáth i do dhóid
 As ar chuiris bréithre ar marthain,
 Ghabh Deirdre, Naoise is Peigín cló
 Is thug léim ghaisce de na leathanaigh

Tá cleacht mo dhaoine ag meathadh,
 Ní cabhair feasta an tonn mar fhalla,
 Ach go dtagaidh Coill Chuain go hInismeáin
 Beidh na bréithre chnuasaís tráth
 Ar marthain fós i dteanga eachtrainn.